Mí na Samhna 2026

Imlíne

Is é téama 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2027' ná *Cuireadh: Ár gcroí agus ár n-anam a spreagadh le maireachtáil i gCríost*. Sa phacáiste seo 'Tráth na Samhna', is féidir rogha a dhéanamh ó éagsúlacht acmhainní – ceol, sleachta ón scrioptúr, urnaí, agus gníomhaíochtaí. Is féidir an bhileog oibre, nó an tseirbhís urnaí a úsáid nó d'fhéadfaí deasghnáth a chur le chéile ag baint úsáide as cuid de na gnéithe seo in aon ord a oireann do do rang nó don chóras scolaíochta sin agaibhse.



Baineann go leor den chumha le himeachtaí Thráth na Samhna, ach baineann eilimintí lúcháireacha agus ábhar dóchais leis chomh maith, ach go háirithe nuair a smaoinímid ar an mhuintir mhuirneach a fuair bás, agus muid ag guí agus ag súil leis, go maireann siad go síoraí in éineacht le Dia ar neamh.

Paidir Thosaigh

A Dhia Ghrámhar,
Bíonn cumha nach beag orainn nuair a fhaigheann duine den mhuintir mhuirneach bás. Dá mhéad an grá, is ea is mó an dobrón.
Creidimid áfach, mar Chríostaithe, nach é an bás deireadh an tsaoil go hiomlán.
Tá muinín againne asatsa, go dtabharfaidh tú aire don mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne.
Táimid dóchasach as bheith leo athuair i ríocht na bhflaitheas.
Cé go bhfuil siad imithe as radharc uainn ón saol seo, is féidir linne cabhrú leo trínár gcuid urnaí.

(Tuilleadh paidreacha ar fáil ó *YOUCAT Youth Prayer Book*.)

Naisc leis an tSraith Shóisearach

1.6 – Deasghnátha reiligiúnacha agus áiteanna naofa
1.8 – Ról na hurnaí
1.12 – An creideamh agus an cleachtadh
2.2 – Príomhcheisteanna, ceisteanna faoin mbás agus a tharlaíonn ina dhiaidh
2.9 – Iniúchadh a dhéanamh ar fháthanna agus ar aidhmeanna na beatha
2.10 – Machnamh faoi chreideamh pearsanta agus faoi thaithí an tsaoil
3.1 – Luachanna a chur i ngníomh
3.2 – Cinnteoireacht mhorálta agus luachanna
3.9 – Freastal ar riachtanais an duine eile

Naisc leis an tSraith Shóisearach
Bunscileanna

Bheith léannta
Bainistíocht orm féin
Fanacht sláintiúil
Bainistíocht ar eolas agus ar mhachnamh
Bheith uimheartha
Bheith cruthaitheach
Oibriú le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Naisc leis an tSraith Shinsearach
TC Gan Scrúdú – Curaclam
Made for More

Modúl 1 – Míniú ar an saol a lorg
- Aonad 1 – Ceist Dé
- Aonad 2 – Cén fáth go bhfuilim ar domhan?

Modúl 2 – An Chríostaíocht
- Aonad 2 – Íosa, Cé hé?
- Aonad 3 – Gaol pearsanta le Dia

Naisc le Made for More Bun-Tascanna

- Bun-Tasc 5 — Modúl 1
- Bun-Tasc 8 — Modúl 2
- Bun-Tasc 10 — Modúl 2
- Bun-Tasc 15 — Modúl 3

Gníomhaíochtaí

1. Bíodh clár/balla cuimhneacháin agaibh sa seomra ranga. Tabhair cuireadh do na daltaí ainmneacha na ndaoine a fuair bás le bliain anuas a scríobh ar nóta Post-it, agus é a chur ar an gclár/balla, le méid áirithe shearmanais, mar chuid den tseirbhís urnaí. Is féidir baill den mhuintir mhuirneach nach maireann a lua, más oiriúnach a leithéid.

2. Cuir **géag lom crainn ag seasamh i mbuicéad gainimh**. Bronn ceann nó dhó de **ghearrthóga ar cruth na duilleoige** ar na daltaí. Ar an duilleog, scríobh ainm an té atá ar shlí na fírinne agus atá le tabhairt chun cuimhne, le guí ar a shon/son. Is féidir na duilleoga a cheangal leis an ngéag lom agus **Crann an Chuimhneacháin** a dhéanamh as. Is féidir an crann seo a bheith mar chroílár sheirbhís urnaí na Samhna, nó d'fhéadfaí na buanna, na luachanna nó na ceachtanna a fuarthas ón duine a spreag iad, a scríobh ar na duilleoga chomh maith. Ceangail na duilleoga leis an gcrann agus iad ar taispeáint leis an mana seo le sonrú os a gcionn:

'Maireann a mbeatha siúd, trínár saol féin'.

3. Smaoiníonn na daltaí ar chineáltas beag amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcuimhne ar an té a fuair bás. D'fhéadfadh an rang dúshlán a chruthú darb ainm **'Glaoite chun na Naofachta'** a bheadh bunaithe ar na cineáltais sin.

4. Cumann na daltaí paidir ghearr phearsanta i gcuimhne ar an té atá marbh. D'fhéadfaí iad a bhailiú agus a úsáid i rith sheirbhís urnaí an ranga.

5. Scríobhann na daltaí ainm an té a fuair bás agus críochnaíonn an abairt: **'Táim buíoch den duine seo toisc ...'** Léirigh na freagraí mar **'Balla an Bhuíochais'**.

6. Iarr ar na daltaí cloch réidh ghlan an duine a thabhairt isteach, clocha a bheadh mór go leor le gur féidir scríobh orthu. Scríobhtar ainm an duine a thagann chun cuimhne air, agus tréith amháin den scoth a bhain leis an duine sin. Leagtar na clocha thart timpeall ar an gcros nó timpeall ar choinneal.

7. Cruthaíonn gach dalta leathanach i gcuimhne ar an té atá marbh. Is féidir ainm an duine, cuimhne, tréith den scoth a bhain leis/léi agus paidir ghearr a scríobh ar an leathanach. D'fhéadfaí na leathanaigh a cheangal lena chéile le **Leabhar Cuimhneacháin** na Samhna a dhéanamh.

Ceol

Amhráin ar fáil ar YouTube agus/nó Spotify, Apple Music 7rl, agus le ceannach mar rianta indibhidiúla ar iTunes nó ar an suíomh Éireannach, 7Digital: (https://ie.7digital.com/).

'Holiness' – Sarah Hart
'When the Saints Go Marching In' – Bruce Springsteen
'Ready to Go' – Randy Stonehill
'When the Roll is Called Up Yonder' – Rosemary Siemens
'Holy Is His Name' – John Michael Talbot
'I'll Fly Away' – Alison Krauss

Ripples of the Divine le Marie Dunne CHF, ceol oiriúnach uirlise ar albam.

Bileog Oibre

Tá bileog oibre ar fáil ar lth. 5 agus aidhm aige leis na fáthanna go ndéantar cuimhneamh siar i rith mhí na Samhna a mhíniú. Líonann na daltaí an bhileog oibre sula ndéanann siad na gníomhaíochtaí eile, ionas go mbeidh siad ag machnamh ar na téamaí ábhartha, agus go mbainfidh ciall leis an obair a thagann ina dhiaidh sin.

Deasghnáth

Tá moltaí ar fáil maidir le seirbhís urnaí/deasghnáth, ar lth. 6

Léachtaí Molta ó na Scrioptúir

Tá na sleachta a luaitear anseo ó *An Bíobla Naofa*, ar fáil ar líne

1 Peadar 1:15-16
'... ach amhail is naofa eisean a ghlaoigh oraibh, bígí-se naofa in bhur n-iompar go léir, mar tá scríofa; "Bígí naofa, mar go bhfuilimse naofa."'

Eabhraigh 12:14
'Déanaigí iarracht ar an tsíocháin a bhuanú eadraibh féin agus gach uile dhuine; lorgaígí an naofacht sin nach bhfeicfidh aon duine an Tiarna gan í.'

Léamhthuiscint

Cuimhneamh Siar Mhí na Samhna

Is tábhachtach an mhí é mí na Samhna i saol na hEaglaise Caitlicí. Bíonn am againn cuimhneamh orthu san a bhfuair bás agus guí ar a son. Tugaimid baill teaghlaigh, na gaolta, na cairde, na comharsana agus daoine tábhachtacha eile a bhain lenár saol chun cuimhne.

Ar **1 Samhain**, déanann an Eaglais **Lá Fhéile na Naomh Uile** a chomóradh. Ar an lá seo, cuimhníonn na Caitlicigh ar na naoimh uile – ní hamháin na naoimh a aithnítear agus a ainmnítear, ach an uile dhuine atá in éineacht le Dia ar neamh.

Ar **2 Samhain**, déanann an Eaglais **Lá Fhéile na Marbh** a chomóradh, agus déantar **Comóradh ar na Mairbh ar Fad**. Ar an lá seo, cuimhníonn na Caitlicigh ach go háirithe ar an mhuintir a d'imigh romhainn agus guitear ar a son. Déanann an Eaglais agus na gaolta urnaí agus léitear Aifrinn speisialta. Tugann daoine cuairt ar an reilig, leagtar bláthanna ar na huaigheanna, agus lastar coinnle i gcuimhne na muintire muirní.

Ní bhaineann nós cuimhneacháin na marbh leis an gcumha amháin. Is rud **dóchasach** do Chríostaithe é. Múineann an teagasc Críostaí dúinn nach gcríochnaíonn an bheatha leis an mbás. Creideann na Críostaithe san Aiséirí, agus gur gheall Dia an bheatha shíoraí dúinn in éineacht leis féin.

Cuimhneamh ar na Daoine a thug Inspioráid Dúinn
Bíonn am againn i rith mhí na Samhna cuimhneamh ar na daoine a raibh tionchar dearfach acu orainn, agus a thug inspioráid dúinn. Seans gur seantuismitheoirí, nó tuismitheoirí, gaolta, múinteoirí, cairde, nó daoine ón bpobal áitiúil a bhí i gceist. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, rinneamar scrúdú ar dhaoine a chaith gnáthshaol, ach gur glaodh chun na naofachta orthu. Cuimhníonn an Eaglais ina iomláine ar dhaoine áirithe de bharr saol naofa a chaitheamh.

Bhí **Naomh Carlo Acutis** ina ógánach Caitliceach Iodálach a fuair bás i 2006 in aois 15 dó. Bhí an-ghrá aige don Eocairist, don urnaí, agus don lámh chúnta a thabhairt don duine eile. Bhain sé úsáid as an teicneolaíocht leis an gcreideamh a roinnt. Cuireann a shaol i gcuimhne don aos óg gur féidir beatha naofa a chaitheamh trí ngnáthimeachtaí an tsaoil.

Bean rialta Éireannach ab ea an **tSr Clare Crockett**. Bhíodh sí ag freastal ar mhuintir Mheiriceá Theas. Bhí clú agus cáil uirthi as an saol lúcháireach flaithiúil a chaith sí, as an ngrá a bhí aici do Dhia, agus do na daoine ar fhreastail sí orthu. Leanann a saol mar inspioráid do lear mór daoine óga.

Cuireann na samplaí seo i gcuimhne dúinn nach gciallaíonn an glao chun na naofachta go gcaithimid a bheith clúiteach ná foirfe. Is féidir saol naofa a chaitheamh trí na gnáthrudaí – urnaí, cairdeas, cineáltas, misneach, maithiúnas, freastal agus grá.

Nuair a chuimhnímid ar na daoine a fuair bás, is féidir an cheist a chur:
- Cad a mhúin siad domsa mar gheall ar shaol fiúntach a chaitheamh?
- Cad iad na tréithe maithe a bhain leo go bhféadfaí cur i bhfeidhm i mo shaol féin?

Dá bhrí sin tugann mí na Samhna deis dúinn cuimhneamh siar go buíoch, guí go dóchasach, agus saol fiúntach a chaitheamh.

Tráth na Samhna
Bileog Oibre don Iar-bhunscoil

1. Cén ceiliúradh a dhéanann an Eaglais Chaitliceach ar 1 Samhain?

_____

2. Cén ceiliúradh a dhéantar ar an 2 Samhain?

_____

3. Ainmnigh dhá bhealach inar féidir cuimhneamh ar na mairbh.

i. _____

ii. _____

4. Cén fáth nach mbreathnaíonn na Críostaithe ar mhí na Samhna mar mhí dhuairc?

_____

_____

_____

5. **Daoine a Thugann Spreagadh Dúinn**
Déan taighde faoi dhuine de na daoine seo leanas a thug spreagadh de bharr an tsaoil a chaitheadar.


Naomh Carlo Acutis


An tSr Clare Crockett

6. **Duine a Thug Spreagadh Domsa**
Cuimhnigh ar dhuine a chuir cor suntasach dearfach i do shaol.
Is féidir leis an duine seo a bheith beo, nó a bheith imithe uainn.

Ba mhaith liom cuimhneamh ar an duine seo:

Tráth na Samhna
Seirbhís Urnaí

Suíomh
Déan suíomh agus atmaisféar oiriúnach, machnamhach a chruthú.

Ceol Tosaigh
You Raise Me Up, le Brendan Graham

https://youtu.be/9bxc9hbwkkw?list=RD9bxc9hbwkkw

Urnaí
A Thiarna Dia,
Bíonn cumha nach beag orainn nuair a fhaigheann duine den mhuintir mhuirneach bás. Dá mhéad an grá, is ea is mó an dobrón.
Creidimid mar Chríostaithe nach é an bás deireadh an tsaoil go hiomlán.
Tá muinín againne asatsa, go dtabharfaidh tú aire don mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne.
Táimid dóchasach as iad a fheiceáil arís i ríocht na bhflaitheas.
Cé go bhfuil siad imithe uainn ón saol seo, is féidir linne cabhrú leo trínár gcuid urnaí.

Cuimhnímid ar an mhuintir mhuirneach atá imithe uainn. Tuigtear dúinne gur chaith siad saol normálta ar domhan, ach tá gach seans ann go ndearnadar sáriarracht an naofacht a chleachtadh.

Cuimhnímid ar aos óg na linne seo a rinne sáriarracht ó thaobh na naofachta de:
Naomh Carlo Acutis, Naomh Pier Giorgio Frassati, agus an tSiúr Clare Crockett.
Deonaigh go dtabharfaidh siad inspioráid dúinne inár saol féin.

Deasghnáth an Chuimhneacháin
*Pioc **ceann amháin** de na roghanna seo:*

1. An Crann Cuimhneacháin
Faigheann gach dalta **cárta ar chruth na duilleoige**. Scríobhann siad ainm an té a fuair bás agus atá le comóradh agus le guí ar a son, ar an gcárta. Tagann na daltaí chun tosaigh agus ceanglaíonn siad na duillíní leis **an ngéag lom, le Crann an Chuimhneacháin** a chruthú. Nuair a bhíonn na duilleoga á gcrochadh, is féidir ceol ciúin uirlise a sheinm.

Ceannaire: A fhad is atáimid ag crochadh na nduilleog seo ar an gcrann, smaoinímid ar na daoine a raibh tionchar nach beag acu orainn. Cuimhnímid orthu. Gabhaimid buíochas astu. Guímid ar a son.

2. Clocha Cuimhne
Faigheann gach dalta **cloch** oiriúnach. Ar an gcloch, scríobhann siad **tréith nó ceacht amháin a thagann chun cuimhne** maidir leis an té atá ar shlí na fírinne – cineáltas, misneach, flaithiúlacht, greann, creideamh, nó grá.

Is féidir na clocha a ullmhaíodh sa seomra ranga leis an scríbhinn orthu a leagadh timpeall ar choinneal, ar phlanda, nó timpeall ar an gcros.

Ceannaire: Is féidir le beatha an duine, tionchar fiúntach a bheith aige ar dhaoine eile. Is féidir leis na tréithe maithe agus na luachanna a roinn daoine eile linn, leanúint ar aghaidh inár saol féin.

3. Coinneal an Chuimhneacháin
Tagann na daltaí chun tosaigh le coinneal bheag a lasadh ón gcoinneal lárnach. Agus é sin á dhéanamh acu, cuimhníonn siad go ciúin ar an té a fuair bás.

Ceannaire: Cuireann an solas seo láithreacht Dé agus an dóchas Críostaí i gcuimhne dúinn. Cuimhnímid orthu san a bhfuair bás agus cuirimid faoi chúram grámhar Dé iad.

Tráth Machnaimh
Seinn ceol uirlise nó an píosa seo le Josh Groban

https://youtu.be/jVgblxtR3Zc?list=RD9bxc9hbwkkw

Idirghuí
Ceannaire:
1. Ar son na ndaoine ar fad a fuair bás, agus muid ag cuimhneamh orthu inniu, A Thiarna éist linn.
Cách: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
2. Ar son ár gcairde agus ár ngaolta a fuair bás, A Thiarna éist linn.
Cách: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
3. Ar son na ndaoine a thug inspioráid dúinn sa bhealach inar mhair siad, A Thiarna éist linn.
Cách: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
4 Ar son na ndaoine óga atá ag iarraidh saol fiúntach lán de dhóchas, is de mhisneach a chaitheamh, A Thiarna éist linn.
Cách: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
5. Ar ár son féin, go n-aithneoimid an glao chun na naofachta a chuirtear orainn, agus saol naofa a chaitheamh tríd an ngrá agus an cineáltas a chleachtadh ar an ngnáthbhealach, A Thiarna éist linn.
Cách: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.

Paidir Dheiridh
Ceannaire: A Dhia Ghrámhar,
Gabhaimid buíochas leat as na daoine a tugadh chun cuimhne inniu. Go leanfaidh an dea-shampla a thugadar mar inspioráid dúinne. Go ndéanfaimid an mhaith a chleacht siad a chleachtadh inár saol féin.
Cabhraigh linn an gnáthshaol a chaitheamh le grá thar na bearta.
Treoraigh sinn le go mbeimid mar chine an chineáltais, an mhisnigh, an mhaithiúnais, an dóchais is an chreidimh. Deonaigh nach ndéanfar dearmad choíche air, go nglaoitear gach duine againn chun na naofachta.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
Amen.

Ceol Deiridh
In the Quiet le Liam Lawton

https://youtu.be/dolQoM200bU?list=RDdolQoM200bU